



BABHTA COIMISÚNAITHE DON CHISTE CRAOLTÓIREACHTA GAEILGE (ILBF) Fómhar 2020

5pm Dé Luain an 31 Lúnasa 2020 an dáta deiridh a nglacfaidh TG4 le hiarratais.

Fáilteoidh TG4 roimh iarratais ón earnáil léirithe neamhspleách chun cláir agus sraitheanna éagsúla a sholáthar dúinn.

Iarrtar ar léiritheoirí agus ar sholáthraithe ábhair aird a thabhairt ar an sprioclucht féachana agus ar na trátha craolta ar leith sa sceideal atá i gceist sa bhabhta seo. Níor cheart aon togra atá diúltaithe ag TG4 cheana féin a chur chugainn arís gan athruithe suntasacha a bheith déanta air agus é a bheith pléite le hEagarthóir Coimisiúnaithe roimh ré

Sa bhabhta coimisiúnaithe seo roghnófar tograí le cur ar aghaidh lena mbreithniú do thacaíocht faoin gcéad bhabhta eile den Chiste Craoltóireachta Gaeilge (ILBF), spriocdháta 25 Meán Fómhair 2020. Ná cuir ach tionscadail atá incháilithe don scéim seo ar aghaidh.

Ní mór gach iarratas ar choimisiún a chur chugainn tríd an gcóras ríomh-choimisiúnaithe mar cheangaltán [pdf](#) agus an buiséad mar cheangaltán excel. [Ní dhéanfar aon iarratas nach bhfuil buiséad leis a mheas.](#)

Ní mór na nithe seo a leanas a bheith san áireamh san iarratas:

- Achoimre chruthaitheach faoin gclár nó faoin tsraith.
- Buiséad iomlán
- Léiritheoir & Stiúrthóir luaite chomh maith leis an bpríomhfhoireann taobh thiar den cheamara.
- Cur chuige físiúil ón stiúrthóir
- Moltaí maidir le tallann/rannpháirtithe atá le bheith ar an scáileán. (Más láithreoir nó duine cumasach nach bhfuil aon aithne air/uirthi cheana féin atá i gceist, iarrtar ort nasc chuig an mblaisín físe a chur san áireamh san iarratas.)
- Sprioclucht féachana TG4 agus an sprioc-am craolta
- Plean nó sceideal léiriúcháin

- Ba cheart cé acu de na gnéithe inghlactha faoin mbabhta ILBF seo a bhfuil an t-iarratas ag tagairt dóibh a léiriú.
- Plean maoinithe

SEÁNRAÍ INGHLACTHA SA BHABHTA ILBF SEO:

1. Fíorasach & Siamsaíocht: Croí-Lucht féachana

Sraith de chláir faisnéise nó siamsaíochta 25' nó 50' ar fhad ag plé, den chuid is mó, le scéalta láidre, téamaí comhaimseartha a thugann léargas dúinn ar dhuine, teaghlach, grúpa nó gairm. Fáilteofar roimh scéalta a bhaineann leis an dúlra, athrú aeráide, cúrsaí timpeallachta, tomhaltachas (consumerism), faisean, tithíocht, tógáil clainne, nó meascán de sheánraí.

An chéad am craolta: Lá i rith na seachtaine, 8pm nó 8.30pm.

Formáid: Cláir/sraitheanna faisnéise nó cláir/sraitheanna siamsaíochta, 25' nó 50' ar fhad.

Lucht Féachana: Croí-Lucht Féachana.

2. Fíorasach Náisiúnta

Clár faisnéise aonair uair an chloig nó sraith faisnéise ina léirítear scéal láidir, tábhachtach agus atá feiliúnach do phríomhsceideal TG4. Is féidir le scéalta súil ghéar a chaitheamh ar shaol na hÉireann trí bhreathnóireacht nó trí mheascán de mhodhanna scéalaíochta agus athchruthaíochta a mheallfaidh an lucht féachana is leithne.

An chéad am craolta: Dé Céadaoin, 9.30pm

Formáid: Sraith de chláir faisnéise láidre, tharraingteacha 50 nóiméad ar fhad.

Lucht Féachana: Náisiúnta

Scannáin fhada Faisnéise: Fáilteofar freisin roimh scannáin fhada faisnéise – 70' – 90' ar fhad is féidir a thaispeáint san amharclann, ag féilte agus a bheidh ina seoid i sceideal clár TG4.

3. Cláir Faisnéise Staire - Lucht Féachana Náisiúnta

Cláir aonair nó sraith staire le scéalta láidre staire a bhaineann le hÉirinn, 50 nóiméad nó 75 nóiméad ar fhad. Táimid ag lorg cláir shiamsúla, shuimiúla, ábhartha agus a thugann eolas nua don lucht féachana. Oibreoidh ócáidí comórtha a bhaineann leis an stair chomh fada is go gcaitear leo ar bhealach atá úr agus ábhartha.

An chéad am craolta: Lá i rith na seachtaine, 9.30pm.

Formáid: Cláir aonair nó sraith staire, 50 nóiméad nó 75 nóiméad ar fhad.

Lucht Féachana: Náisiúnta.

4. Siamsaíocht Fhíorasach – Lucht Féachana Náisiúnta

Is féidir formáid fhíorasach nó sraith bhreathnaitheach a bheith i gceist nó sainshraith fhíorasach más sraith í a bheidh siamsúil agus uailmhianach! Bíonn iomaíocht mhór ann d’am craolta Déardaoin @ 9:30pm agus mar sin ní mór don tsraith a bheith bainteach le saol na linne, ábhartha, dúshlánach agus conspóideach in amanna. Ní mór dó a bheith croíúil agus siamsúil agus go mbeadh sé nádúrtha.

An chéad am craolta: Déardaoin, 9.30pm

Formáid: Sraith de chláir shiamsaíochta fhíorasacha láidre, tarraingteacha 50 nóiméad ar fhad.

Lucht Féachana: Náisiúnta

5. Siamsaíocht Cheoil Thraidisiúnta

Sraith clár agus / nó cláir aonair uair an chloig ar fhad, idir fhaisnéis agus thaibhiú an cheoil a chruthaíonn ardáin agus cóiriú nua don cheol agus don amhránaíocht thraidisiúnta agus a dhéanann ceiliúradh ar shaibhreas ár n-ealaíon dúchasach. Is féidir réimse an cheoil a mheascadh le réimsí eile faisnéise, m.sh: cláir taistil ceoil, beathaisnéise agus ceol a bheidh feiliúnach le craoladh sa phríomhsceideal ceoil Dé Domhnaigh ag 21.30 agus mar chláir aonair, speisialta um Nollag/Cáisc nó mar chomórath ar amanna nó ócáidí faoi leith sa bhliain. Fáilteofar roimh smaointe is féidir a fhorbairt i gcomhar le foinsí maoinithe eile in Éirinn agus thar sáile.

An chéad am craolta: Dé Domhnaigh, 9.30pm.

Formáid: Sraith de chláir 50 nóiméad ar fhad.

Lucht Féachana: Náisiúnta

6. Siamsaíocht Cheoil NACH ceol traidisiúnta é

Tá an-tóir go dtí seo ar Cheol Tíre na hÉireann agus lucht féachana leathan aimsithe aige. Bhí cláir ann go dtí seo i bhformáid ceolchoirme nó comórtais. An bhfuil aon seánraí, formáidí eile ceoil a rachadh i bhfeidhm ar an lucht féachana is leithne ar an tslí chéanna.

Formáid: Sraith clár 25 nó 50 nóiméad ar fhad nach gá a bheith i bhformáid ceolchoirme. Cuirfear fáilte roimh fhormaidí eile.

Lucht Féachana: Náisiúnta.



7. Siamsaíocht do pháistí (páistí réamhscoile & aoisghrúpa 6-12 bhliain)

Fáilteimid roimh iarratais ar ábhar beo-ghnímh (live action) ina mbeidh páistí nó tallann óg láithreoirí a mheallfaidh an lucht féachana ar an scáileán. Ábhar tarraingteach agus siamsúil, a spreagfaidh fiosracht agus foghlaim ach a bhfuil féith an ghrinn ag baint leo.

Lucht féachana réamhscoile, faoi 5 bliana

Lucht féachana luath bunscoile (5-7 mbliana)

Lucht féachana bunscoile (8-12 bhliain)

I gcás sraitheanna atá á bhforbairt, is fiú míreanna nó gnéithe a d'fhéadfaí a úsáid trasna ardáin éagsúla a bheith san áireamh.

An chéad am craolta: Lá i rith na seachtaine.

Formáid: Sraith de chlár, fad éagsúil.

Lucht Féachana: Páistí, Croí-lucht féachana

8. Clár athghuthaithe do pháistí (páistí réamhscoile nó 6-12 bhliain)

An chéad am craolta: Lá i rith na seachtaine.

Formáid: Sraith de chlár, fad éagsúla, 15 uair an chloig.

Lucht Féachana: Páistí, Croí-lucht féachana

Caithfear na hiarratais a chur isteach go leictreonach. Mura bhfuil an comhlacht cláraithe, caithfear clárú ar dtús ar an suíomh eCoimisiúin <http://update.tg4.ie/ecommerce/login.php> , agus an t-iarratas a uaslódáil roimh an sprioc-am tríd an rogha, 'ILBF Fómhar 2020', ón roghchlár anuas. Tíocfaidh admháil chugat go leictreonach go huathoibríoch. Ní ghlacfar le hiarratais tar éis an sprioc-ama agus caithfidh na comhlachtaí iad féin déanamh cinnte gur seachadadh na hiarratais.

Má tá aon cheist maidir leis an bpróiseas leictreonach seachadta, cuir r-phost chuig Máire Uí Choisdealbha – maire.ui.choisdealbha@tg4.ie

Má tá aon cheisteanna agat maidir le haon chuid den bhabhta seo, cuir r-phost chuig Mary Ellen Ní Chualáin maryellen.ni.chualain@tg4.ie

Glacfar le hiarratas ar an mbonn go gcomhlíonfaidh iarrthóir na hoibleagáidí reachtúla iomchuí uile.

Níl dualgas ar TG4 glacadh leis an iarratas is ísle praghais, ná le haon iarratas.

Beidh aon chonradh ag brath ar Dheimhniú Imreítigh Cánach ó na Coimisinéirí Ioncaim.

An tAcht um Shaoráil Faisnéise: Cuirtear iarrthóirí ar an eolas gur ceadmhach eolas a sholáthraítear a nochtadh don phobal faoin Acht um Shaoráil Faisnéise. Ba chóir d'iarrthóirí aird a tharraingt ar an eolas íogair (más ann) agus a rá cén chúis gur eolas íogair é. Ní féidir glacadh leis nach mbeidh dualgas ar TG4 eolas a eisiúint, fiú más dóigh leis an iarrthóir gur eolas íogair é agus go bhfuil sin curtha in iúl do TG4 aige.

Ní ann d'aon chineál ceangail – conartha nó aon chineál eile – go dtí go mbeidh conradh foirmiúil scríofa forghníofa ag nó thar ceann TG4.